NATIONAL COLLEGE OF ART & DESIGN

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2024

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

**Eolas faoin gColáiste**

| | |
|---|---|
| **Seoladh** | Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha<br>100 Sráid Thomáis<br>Baile Átha Cliath 8,<br>D08 K521 |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>33-34 Cé Árann<br>Margadh na Feirme<br>Baile Átha Cliath<br>D07 YP98 |
| **Aturnaetha** | St John Solicitors<br>Páirc Ghnó Shráid an Mhainéir<br>6, Lána Uí Shé Sráid an Mhainéir<br>Baile Átha Cliath 7<br>D07 DW30 |
| | McInnes Dunne Murphy Solicitors<br>6, Corrán Shráid an Mhóta<br>Baile Átha Cliath 2 |

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

| **INNÉACS** | **Leathanach** |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 4- 10 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 11-14 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 15- 16 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas | 17 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 18 |
| Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus ar an gCuntas Caipitil | 19 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 20 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 21 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 22-42 |

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird**

## Rialachas

Bunaíodh an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD) faoi Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, nuashonrú 1971. Ghlac NCAD le córas rialachais corparáideach de réir fhorálacha agus cheanglais Acht

NCAD agus oibleagáidí reachtúla eile, cosúil leis na hAchtanna um Eitic; agus ghlac sé le Cód

Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) na Roinne Airgeadais. Más infheidhme, tá ceanglais Rialachas na nOllscoileanna Éireannacha (2019) á chomhlíonadh aige, cód a chuir an tÚdarás um Ard-Oideachas agus Cumann Ollscoileanna Éireann i dtoll a chéile. Dá réir sin, tá feidhmeanna an Bhoird bunaithe ag an mBord, agus athbhreithníonn agus nuashonraíonn sé feidhmeanna an Bhoird mar atá leagtha amach in alt 5 den Acht seo. Tá an Bord cuntasach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an tasc seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. Tá an Stiúrthóir freagrach as bainistíocht, rialú agus treo laethúil an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, agus tá freagracht tarmligthe sannta don fhoireann bainistíochta shinsearach. Leanann an Stiúrthóir agus an fhoireann bainistíochta shinsearach an treo straitéiseach atá sonraithe ag an mBord sa Phlean Straitéiseach 5 bliana, agus ní mór a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, lena n-áirítear aon riosca suntasach a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar theagmhálaí díreach idir An Bord agus foireann bainistíochta an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird sonraithe ina Théarmaí Tagartha ina sonraítear freisin na nithe a bhfuil cinneadh le déanamh ag an mBord fúthu. Seo a leanas ról an Bhoird:

- Treo straitéiseach an Choláiste a shonrú, comhsheasmhach le beartas rialtais.
- Ceadaíonn sé cinntí suntasacha cosúil leis an mbuiséad bliantúil agus idirbhearta réadmhaoine mar chuid dá Sceideal Nithe a bhfuil Cinneadh le déanamh ag an mBord fúthu (féach Mír 7 den doiciméad sin).
- Déanann sé faireachán ar ghníomhaíochtaí agus ar éifeachtacht na foirne bainistíochta.
- Tacaíonn sé agus cuireann sé comhairle chríonna ar an bhfoireann bainistíochta.
- Cinntíonn sé go bhfuil córas láidir de rialuithe inmheánacha ag

an gColáiste.

I measc na míreanna buana a ndéanann an Bord breithniú orthu, tá:

- Dearbhú leasa
- Bainistíocht riosca
- Tuarascálacha ó choistí
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta.

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean.)**

Ceanglaíonn Alt 15(1) d'Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971, ar an mBord, i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir atá faighte agus caite aige a choimeád.
Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé d'oibriú, agus
- sonrú cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 15 (1) d'Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus as sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Choláiste.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Cheadaigh an Bord an buiséad bliantúil do bhliain airgeadais 2023/24 ar an 19 Meán Fómhair 2023.

Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Breithníonn an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Choláiste ag an 30 Meán Fómhair 2024.

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**
**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean.)**
**Struchtúr an Bhoird**

Ina gcuid den Bhord, tá Cathaoirleach, cúigear gnáthchomhaltaí atá ceaptha ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, mar aon le beirt ionadaithe foirne acadúla, beirt ionadaithe mic léinn, Stiúrthóir an Choláiste agus breathnóir foirne neamhacadúil amháin. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse trí bliana agus de ghnáth tagann siad le chéile le haghaidh 9 seisiún sa bhliain. Is é cúigear Gnáthchomhaltaí, an Cathaoirleach san áireamh, an córam do chruinniú den Bhord.

Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir le tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta Ceaptha | Dáta Scoir nó Athcheapacháin |
|---|---|---|---|
| Christine O'Donovan | Cathaoirleach – Ainmnithe | 22/11/2022 | 31/10/2024 – Scor |
| Christine O'Donovan | Gnáthchomhalta | 23/03/2018 | 31/10/2024 - Scor |
| Frederick Goltz | Gnáthchomhalta | 23/03/2018 | 31/10/2024 - Scor |
| Jane McDaid | Gnáthchomhalta | 23/03/2018 | 31/10/2024 - Scor |
| Sinéad Ryan | Gnáthchomhalta | 23/03/2018 | 15/11/2023 - Scor |
| Claire Dowling | Gnáthchomhalta | 01/10/2021 | 23/01/2024 - Scor |
| Carole Pollard | Gnáthchomhalta | 01/07/2022 | |
| Siobhán Moriarty MacDonnell | Gnáthchomhalta | 01/11/2024 | |
| Paul Stack | Gnáthchomhalta | 01/11/2024 | |
| Charlotte Barker | Gnáthchomhalta | 01/11/2024 | |
| Derek Lande | Gnáthchomhalta | 01/11/2024 | |
| Gerard Casey | Gnáthchomhalta | 01/11/2024 | |
| Taffina Flood | Comhalta Acadúil | 20/04/2021 | 16/05/2024 |
| An Dr Patsey Bodkin | Comhalta Acadúil | 20/04/ 2021 | 31/03/2024 - Scor |
| John Paul Dowling | Comhalta Acadúil | 19/03/2024 | |
| Aoife McInerney | Comhalta Acadúil – níl sé daingnithe ag an Aire fós | | |
| Bill Harris | Ionadaí Mac Léinn | 20/04/2021 | 01/12/2023 - Scor |
| Andrew Grace | Ionadaí Mac Léinn | 29/02/2024 | 23/06/2024 - Scor |
| Liv Harrington | Ionadaí Mac Léinn – níl sé daingnithe ag an Aire fós | | |
| Post Folamh | Ionadaí Mac Léinn | | |
| Leone Karakus | Breathnóir Foirne Neamh-Acadúla | 20/04/2021 | 31/03/2024 - Scoir |
| Cian McHugh | Breathnóir Foirne Neamh-Acadúla | 16/04/2024 | |
| Sarah Glennie | Stiúrthóir (Ex Officio) | 23/03/2018 | |

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (Ar Lean)**

**Struchtúr an Bhoird Ar Lean.**

Rinne athbhreithneoir seachtrach athbhreithniú éifeachtachta agus meastóireachta ar an mBord in 2024 de réir dea-chleachtais agus cuireadh athbhreithniú inmheánach i gcrích in 2021, 2022 agus 2023. Cuireadh an t-athbhreithniú faoi bhráid an Bhoird i mí Bealtaine 2024.

Tá coiste amháin bunaithe ag an mBord,

***1. Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)***: tá triúr comhaltaí den Bhord páirteach sa Choiste seo agus is féidir leo comhalta neamhspleách a chomhthoghadh más gá. Is é ról an CIR tacú leis an mBord lena fhreagrachtaí as nithe a bhaineann le riosca, le rialú agus le rialachas, agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais um rialú inmheánach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. I mí Mheán Fómhair 2024, ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Frederick Goltz (Cathaoirleach), Carol Pollard agus Derek Lande ag gníomhú mar an Comhalta Seachtrach Neamhspleách. Reáchtáladh 4 chruinniú den CIR i gcaitheamh na bliana airgeadais.

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (Ar Lean)**

**Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais**

Ní fhaigheann baill den Bhord táille ar bith. Tá sceideal tinrimh maidir le cruinnithe Boird agus Coiste i gcomhair 2023/24 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na costais a fuair gach comhalta:

| | An Bord | CIR | Costais 2023/ 24 |
|---|---|---|---|
| | | | € |
| **Líon na gCruinnithe** | **9** | **4** | |
| Christine O'Donovan | 9 | - | - |
| Frederick Goltz | 8 | 4 | - |
| Jane McDaid | 7 | - | - |
| Sinéad Ryan | - | - | - |
| Claire Dowling | 3 | - | - |
| Carole Pollard | 9 | 1 | - |
| Taffina Flood | 4 | - | - |
| An Dr Patsey Bodkin | 5 | - | - |
| John Paul Dowling | 4 | - | - |
| Bill Harris | 1 | - | - |
| Andrew Grace | 4 | - | - |
| Sarah Glennie | 9 | 3 | - |
| **CIR Amháin** | | | |
| Derek Lande | - | 4 | - |

**Athruithe ar an bPríomhphearsanra**

Chuaigh seisear Comhaltaí Boird ar scor le linn na tréimhse ach ní raibh aon athruithe ar phríomhphearsanra i bhFeidhmeannas an Choláiste le linn na tréimhse iniúchóireachta ó Dheireadh Fómhair 2023 go Meán Fómhair 2024. Ceapadh cúigear comhaltaí nua neamhfheidhmiúcháin den Bhord ar an 1 Samhain 2024.

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean.)**

**Nochtuithe a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Coláiste ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016. Éilítear sa Chód na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

**Costais Dlí agus Socruithe**

Ní raibh aon socruithe le linn 2023/ 2024.

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe - féach Nóta 7**

| **Táillí Comhairleoireachta agus Comhairleoirí Seachtracha** | **Nótaí** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|
| | | **€ 000** | **€ 000** |
| Cúrsaí Dlí | | 20 | 32 |
| Comhairle Cánach agus Airgeadais | | 154 | 104 |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | | 209 | 179 |
| Straitéis agus Forbairt Eagraíochtúil | | 85 | 128 |
| Pinsean agus Acmhainní Daonna | | 94 | 138 |
| Seirbhísí Rochtana Mac Léinn, Comhairleoireachta & Seirbhísí Leighis | | 247 | 240 |
| Sláinte, Sábháilteacht & Oibreacha Foirgníochta | | 197 | 95 |
| Tionscadail Taighde | | 7 | 17 |
| Eile | | 38 | 13 |
| Iomlán | | 1,051 | 946 |

**Socruithe Foirceanta –** Ní raibh aon socraíochtaí foirceanta i NCAD do 2023/24

| **Caiteachas Taistil agus Cothaithe** | **Nótaí** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€ 000** |
| Taisteal Náisiúnta | | 65 | 41 |
| Taisteal Idirnáisiúnta | | 69 | 55 |
| Iomlán* | 8 | 134 | 96 |

**Níl an figiúr seo ailínithe go hiomlán le caiteachas nóta 8, de bhrí go bhfuil taighde a bhaineann le Taisteal & Cothaithe á thaispeáint mar chuid de Chaiteachas Taighde i nóta 8*

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean.)**

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

| **Caiteachas Failteachais** | **Nótaí** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€ 000** |
| Fáilteachas foirne | | 1 | 2 |
| Fáilteachas cliant | | 7 | 6 |
| Iomlán* | 8 | 8 | 8 |

**Níl an figiúr seo ailínithe go hiomlán le caiteachas nóta 8, de bhrí go bhfuil taighde a bhaineann le fáilteachas á thaispeáint mar chuid de Chaiteachas Taighde i nóta 8*

**Ráiteas ar Chomhlíonadh**

Tá glactha ag an mBord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta bunaithe chun comhlíonadh leis an gCód a chinntiú. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar a chomhlíonadh leis an gCód agus tá sé den tuairim go bhfuil sé comhlíontach go hiomlán sna réimsí sin a bhaineann leis an gcoláiste.

Carol Pollard,
*Cathaoirleach an Bhoird – Ainmnithe*
29/05/2025

Sarah Glennie,
*Stiúrthóir*
29/05/2025

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

**Ráiteas maidir le Rialú**

**Inmheánach Raon**

**Freagrachta**

Thar ceann an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, admhaím an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach á chothabháil agus á fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú sa chaoi is go mbeifear in ann é a sheasamh, seachas deireadh ar fad a chur leis. Ní féidir leis an gcóras dá bhrí sin ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraitear iad go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm sa Choláiste don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2024 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

**Cumas Riosca a Láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) ag an gColáiste, ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird, a bhfuil duine acu ag feidhmiú mar Chathaoirleach, agus comhalta seachtrach amháin, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta. Is é Derek Lande an ball seachtrach reatha. Tháinig an CIR le chéile ceithre huaire le linn 2023/ 24.

Sheachfhoinsigh an Coláiste a fheidhm iniúchta inmheánaigh a chuireann clár oibre i gcrích atá

comhaontaithe le CIR chun a chinntiú go gcuirtear clár oibre iniúchta inmheánaigh cuimsitheach agus éifeachtach i gcrích. In 2023/24, bhreithnigh an CIR trí thuarascáil iniúchóireachta inmheánaí. Díríodh an chuid eile d'am an Choiste ar bhainistiú riosca agus ar chur i bhfeidhm dea-rialachais chorparáidigh laistigh den Choláiste.

**Creat um Riosca agus Rialú**

Chuir an Coláiste córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú. Is mír bhuan ar chlár oibre an Bhoird agus an CIR araon é riosca agus déantar an clár a nuashonrú gach ráithe chun iad a chur ar an eolas.

Déanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar an inghlacthacht

riosca agus ar an mbeartas riosca araon.

Is é an Príomhoifigeach Riosca Ceann na Seirbhísí

Corparáideacha.

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)**

**Creat Riosca agus Rialaithe (ar lean.)**

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht a mhaolú maidir le hoibríochtaí a shanntar ar bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta i leith na bpríomhphróisis ghnó uile
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an luchta bainistíochta
- tá córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht sinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta
- is ann do nósanna imeachta chun slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint
- Tá Samhail Leithdháilte Acmhainní laistigh den Choláiste chun úsáid chothrom acmhainní a chinntiú – Á fhorbairt.

**Rialuithe Airgeadais**

Tá róil agus freagrachtaí laistigh den roinn airgeadais fanta mar an gcéanna agus táthar ag leanúint ar aghaidh le dualgais a roinnt ar fud na n-oibríochtaí airgeadais. Chuir an úsáid atá á baint as ríomhshínithe, nósanna imeachta soláthair leictreonacha agus síniú leictreonach go mór le tráthúlacht na próiseála. Tá teorainneacha údaraithe agus tairseacha íocaíochta i bhfeidhm. Tá cuntais bhainistíochta ráithiúla agus réitigh ghaolmhara á gcur i gcrích go tráthúil. Tá rialuithe láidre ann maidir le sonraí bainc fostaí agus soláthraí a athrú ar an gcóras airgeadais.

**Buiséadú agus Réamhaisnéis**

Tá próiseas buiséadaithe agus réamhaisnéisithe láidir á choinneáil ag NCAD. Cuireadh na buiséid ba dhéanaí ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord do 2023/24, Meán Fómhair 2023, mí na Nollag 2023 agus Aibreán 2024. Cuireadh buiséid do 2024/25 i láthair i mí Mheán Fómhair 2024.

**Bainistíocht Riosca**

Déantar an Clár Riosca a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Cuireadh an Clár Riosca faoi bhráid an Bhoird ag gach cruinniú. Cuireadh na míreanna a sainaithníodh san áireamh sa Ráiteas um Rialú Inmheánach (SIC) do 2023/24.

In 2022, cuireadh tús le próiseas mapála dearbhaithe. Is é an aidhm a chinntiú go bhfuil sásra láraithe ann chun dearbhú a bhunú do na feidhmeanna laistigh den Choláiste. Rinneadh iniúchadh ar an bpróiseas seo agus cuireadh faoi bhráid an CIR é i rith 2024.

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)**

**Teicneolaíocht Faisnéise**

Tá obair leanúnach ar siúl chun cibearshlándáil ar an gcampas a fheabhsú. Glacann sé seo trí fhoirm:

a) Bhí cosc trí oideachas, lena n-áirítear feachtas frith-fhioscaireacht, ar siúl i rith na bliana.

b) Feabhsú ar shlándáil cliant trí JAMF a thabhairt isteach do ghléasanna bunaithe ar Mac, tá ag leanúint ar aghaidh leis an gcur chun feidhme.

c) Ar deireadh, le tacaíocht ó HEANET, cuireadh monatóireacht SOC/SEIM ar líonraí an choláiste i bhfeidhm, ar uirlis thábhachtach í i gcosaint líonraí agus chórais an choláiste.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Bhord, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpriomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.
- Déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht agus tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí don Choláiste ina iomláine.

**Soláthar**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gColáiste chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú. I 2023/24 ní raibh aon chaiteachas neamhchomhlíontach ag an gColáiste ar chaiteachas neamhphá laistigh den Choláiste.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)**

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, agus an ardbhainistíocht taobh istigh den Choláiste atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat um rialú inmheánach airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Choláiste ar éifeachtacht an chórais um rialú.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2023/ 24. Tugadh eolas don CIR faoi thorthaí an athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaigh, ó Deloitte ar an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir leis na rialuithe airgeadais inmheánacha atá i bhfeidhm ag NCAD, do dheireadh 2023/24. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Bhoird ag an gcruinniú ar an 10 Nollaig 2024. Déantar rianaitheoir iniúchóireachta inmheánaí a nuashonrú gach bliain agus cuirtear gluaiseachtaí i láthair don CIR.

**Forbairt an Champais**

Chuidigh Grúpa Comhairleach, lena n-áirítear baill den Bhord agus baill sheachtracha (Noel O'Connor agus Eamonn Ceannt), leis an gcoláiste i bhforbairt agus i dtabhairt isteach Príomhchás Gnó maidir leis an gcampas a athfhorbairt.

Cuireadh an t-iarratas faoi bhráid an Údaráis um Ard-Oideachas aimsir na Cásca 2024 agus tá athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair, ag súil go rachfar ar aghaidh go dtí an chéad gheata eile sa Chód Caiteachais Phoiblí.

Arna shíniú thar ceann an bhoird:

**Sarah Glennie**
**Stiúrthóir** Dáta: 29/05/2025

## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024 faoi fhorálacha an Achta um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha 1971. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar athruithe ar chúlchistí agus cuntas caipitil
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreafaí airgeadais, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais seo léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Choláiste ar an 30 Meán Fómhair 2024 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar chríoch ansin de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Táim neamhspleách ar an gColáiste agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an gColáiste leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas um rialú inmheánach.

Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo

ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Mary Henry**
**Le haghaidh agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**09 Meitheamh 2025**

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá na comhaltaí freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 15(1) den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, 1971
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu is cuí nó nach cuí bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- an méid rialaithe Inmheánaigh agus a mheasann siad iomchuí a úsáid chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 15(2 ) den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, 1971 ráitis airgeadais Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha a iniúchadh agus tuairisc orthu a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na

ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar bhotún. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míshonrú ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir míshonruithe a dhéanamh de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá mbeadh súil leis go réasúnta go rachaidís, ina n-aonar nó le chéile, i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus mé á dhéanamh,

- aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha ar na ráitis airgeadais, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta ar leor agus cuí í chun bunús a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh inmheánacha, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá cuí sa chás áirithe atá i gceist, ach ní chun críche tuairim ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a chur in iúl.
- Déanaim meastóireacht ar cé chomh cuí agus a bhí na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus cé chomh réasúnta agus a bhí na meastacháin chuntasaíochta agus na nithe gaolmhara a nochtadh.
- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an Choláiste leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuair mé go dtí dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh imeachtaí nó imthosca a bheith ann amach anseo, áfach, a d'fhágfadh nach mbeadh an Coláiste in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, na nithe a nochtadh san áireamh, agus cé acu a léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí atá taobh thiar díobh ar bhealach a chuireann i láthair go cóir iad.

Téim i gcomhairle leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc nithe eile, an raon agus an t-am atá beartaithe don iniúchadh agus fionnachtana suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar rialú inmheánach a shainaithním i gcaitheamh an iniúchta.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair an iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar an gcuntas an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis an gcuntas, agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, dá réir sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fhaightear i rith an iniúchta, nó más cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ar bhealach ar bith eile. Má bhainim de thátal as an obair a dhéanaim go bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar nithe eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú suntasach ón Stát maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má shainaithním ábhair ábhartha maidir leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Agus iniúchadh ar bun agam, féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí i gceist nó nach raibh idirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

| | Nótaí | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | € 000 | € 000 |
| **IONCAM** | | | |
| Deontais Stáit | 4 | 15,063 | 13,359 |
| Táillí Acadúla | 3 | 9,445 | 9,271 |
| Amúchadh Ciste Caipitil | | 906 | 895 |
| Deontais Taighde agus Conarthaí Eile | 5 | 317 | 510 |
| Cistiúchán Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir | 15 (c) | 2,261 | 2,148 |
| Ioncam eile | 6 | 136 | 97 |
| **Ioncam Iomlán** | | **28,128** | **26,280** |
| | | | |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Costais foirne | 7 | 16,224 | 15,346 |
| Costais sochar scoir | 15(a) | 4,926 | 4,710 |
| Glanspeansais oibriúcháin eile | 8 | 5,813 | 5,104 |
| Dímheas | 11 | 906 | 895 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **27,869** | **26,055** |
| | | | |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain** | | 259 | 225 |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-24.

Arna shíniú thar ceann an bhoird:



Carole Pollard
*Cathaoirleach an Bhoird – Ainmnithe*
29/05/2025



Sarah Glennie,
*Stiúrthóir*
29/05/2025

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

| | **Nótaí** | **2024**<br>€ 000 | **2023**<br>€ 000 |
|---|---|---|---|
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain** | | 259 | 225 |
| Gnóthachain/(caillteanas) achtúireacha ó oibleagáidí sochair scoir | 15(d) | (5,275) | (5,105) |
| Coigeartú ar mhaoiniú um shochair scoir iarchurtha | 15 (b) | 5,275 | 5,105 |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán sa bhliain** | | 259 | 225 |

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITEAS AR ATHRUITHE AR CHÚLCHISTÍ AGUS CUNTAS CAIPITIL DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

| | Cuntas Caipitil | Cúlchistí Srianta | Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € 000 | €'000 | € 000 | € 000 |
| **Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022** | 21,637 | 201 | 454 | 22,292 |
| Coigeartú Slánúcháin | (1) | (1) | 1 | (1) |
| Barrachas/(Easnamh) ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | | | 225 | 225 |
| Amúchadh an chuntais caipitil | (895) | | | (895) |
| Deontas stáit leithdháilte ar chaipiteal | 1,531 | | | 1,531 |
| Aistrithe idir Cúlchistí | | (54) | 54 | - |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023** | 22,272 | 146 | 734 | 23,152 |
| Barrachas / (Easnamh) ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachas | | | 259 | 259 |
| Amúchadh an chuntais caipitil | (906) | | | (906) |
| Deontas stáit leithdháilte ar chaipiteal | 1239 | | | 1239 |
| Aistrithe idir Cúlchistí | | (38) | 38 | |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | 22,605 | 108 | 1,031 | 23,744 |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-24.

Arna shíniú thar ceann an bhoird:

Carol Pollard,
*Cathaoirleach an Bhoird*

*Ainmnithe*
29/05/2025

Sarah Glennie,
*Stiúrthóir*

29/05/2025

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

| | Nótaí | 2024<br>€ 000 | 2023<br>€ 000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 11 | 22,688 | 22,258 |
| Sócmhainní oidhreachta | 12 | 24 | 20 |
| | | 22,712 | 22,278 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | |
| Suimeanna infhaighte | 13 | 1,356 | 1,668 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 16 | 4,627 | 4,804 |
| | | 5,983 | 6,472 |
| **Dliteanais Reatha: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin** | 14 | (4,951) | (5,598) |
| | | (4,951) | (5,598) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 1,032 | 874 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | 23,744 | 23,152 |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Cistiú Pinsin Iarchurtha | 15 (d) | 88,092 | 80,556 |
| Dliteanas pinsin | 15 (b) | (88,092) | (80,556) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 23,744 | 23,152 |
| **Cúlchistí agus Cuntas Caipitil** | | | |
| Cuntas Caipitil | | 22,605 | 22,272 |
| Cúlchistí Srianta | | 108 | 146 |
| Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais | | 1,031 | 734 |
| | | 23,744 | 23,152 |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na - Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-24.

Arna shíniú thar ceann an bhoird:

Carol Pollard,
*Cathaoirleach an Bhoird – Ainmnithe*
29/05/2025

Sarah Glennie,
*Stiúrthóir*
29/05/2025

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

## RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024

| | Nótaí | 2024<br>€ 000 | 2023<br>€ 000 |
|---|---|---|---|
| **Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | | 259 | 225 |
| **Coigeartú le haghaidh míreanna neamhairgid** | | | |
| Dímheas | 11 | 906 | 895 |
| Amúchadh an chuntais caipitil | | (906) | (895) |
| Cistí stáit leithdháilte ar chaipiteal | 4 | 1,371 | 1,531 |
| Laghdú/(Méadú) ar shuimeanna infhaighte | | 312 | 72 |
| (Laghdú)/Méadú ar shuimeanna iníoctha | | (648) | (184) |
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **1,294** | **1,644** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra, trealamh & Oidhreacht a shealbhú Sócmhainní 11 & 12 | | (1,336) | (1,530) |
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(1,336)** | **(1,530)** |
| **Sreafaí airgid ar ghluaiseachtaí cúlchistí srianta** | | **(132)** | - |
| **Glanmhéadú/(laghdú) ar airgead agus coibhéisí airgid sa bhliain** | | **(174)** | **114** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 DF 2023 16 | | 4,804 | 4,692 |
| Ceist shlánúcháin | | (3) | (2) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 30 Meán Fómhair 2024 16 | | **4,627** | **4,804** |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na - Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-24.

Arna shíniú thar ceann an bhoird:

Carol Pollard,
Cathaoirleach an Bhoird – Ainmnithe
29/05/2025

Sarah Glennie,
Stiúrthóir
29/05/2025

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**

**1 BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA**
Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha do na ráitis airgeadais.

**(a) Faisnéis ghinearálta agus Ráiteas Comhlíontachta**
Bunaíodh an Coláiste faoi Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971, agus tá an Cheannoifig suite ag 100 Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8.

Fís oibre NCAD: Tá dlús á chur ag NCAD le cleachtadh criticiúil agus le nuálaíocht radacach trí bharr feabhais

san ealaín agus sa dearadh. Múnlaíonn NCAD an saol ábhartha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí ionchuimsitheacht, dioscúrsa poiblí agus rannpháirtíocht chultúrtha.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na reachtaíochta infheidhme, agus FRS102, An Caighdeán

Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

Is eintiteas leasa phoiblí é an Coláiste agus, dá bhrí sin, tá ceanglais ábhartha eintitis leasa phoiblí FRS102 curtha i bhfeidhm aige.

Ullmhaítear na cuntais in Euro, arb ionann é agus airgeadra feidhmiúil an Choláiste. Slánaítear suimeanna airgid sna ráitis airgeadais seo ag an €1,000 is cóngaraí dóibh.

Tá figiúirí comparáideacha áirithe don tréimhse roimh ré athrangaithe de réir na bliana reatha.

**(b) Bonn an ullmhúcháin**
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear de réir luach cóir, mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoi Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971.

**(c) Gnóthas leantach**
Le cúpla bliain anuas tá farasbarr oibriúcháin ag an gColáiste a bhí mar bhonn le farasbarr carnach a bheith á thabhairt anonn i gcomhair dhá bhliain.

Léiríonn ráitis airgeadais an Choláiste barrachas €259,000 don bhliain (2023: barrachas €225,000) agus barrachas cúlchiste ioncaim agus caiteachais €1,031,000 (2023: barrachas €734,000). Tá an Coláiste ag súil go mbainfear tairbhe as cur chuige bainistithe maidir le fás ar earcú mac léinn bliain i ndiaidh bliana, chun tacú leis an gColáiste chun a sheasamh airgeadais a threisiú amach anseo.

Bhíothas an-bhuíoch as an tacaíocht airgeadais a fuarthas ón ÚAO le haghaidh na n-infheistíochtaí riachtanacha i dtrealamh TF, baill foirne bhreise agus beart sláinte agus sábháilteachta agus chinntigh an tacaíocht seo gur lean an Coláiste ar aghaidh ag feidhmiú ag leibhéal an-éifeachtach.

Ar an mbonn sin, agus i dteannta leis na cúlchistí airgid atá ag an gColáiste, breithníonn Comhaltaí an Bhoird gur cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn Gnóthais Leantaigh.

**(d) (i) Talamh agus Foirgnimh**
Luaitear talamh agus foirgnimh de réir costais lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe le haghaidh aon soláthair do bhearnú.

Rinne McNally Handy and Partners, Suirbhéirí Cairte, luacháil ar thalamh agus foirgnimh an Choláiste ar dháta éifeachtach an 1 Deireadh Fómhair 2014, an dáta aistrithe do thuairisciú faoi FRS 102. Chinn foireann an Choláiste an luacháil seo a úsáid mar chostas measta Thalamh agus Fhoirgnimh an Choláiste ag an dáta aistrithe.

**(d) (ii) Maoin, gléasra agus trealamh**
Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe le haghaidh aon soláthair do bhearnú. Tuairiscítear an dímheas ar mhaoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruílse, de réir méid chothroim agus ar rátaí a dhéantar iad a mheas ar mhaithe leis na sócmhainní a laghdú go dtí luacha iarmharacha measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saol fónta measta, mar seo a leanas:

| **Catagóir Sócmhainne** | **Ráta Dímheasa** | |
|---|---|---|
| Talamh | 0% | in aghaidh na bliana |
| Foirgnimh | 2% | in aghaidh na bliana |
| Foirgnimh Athluacháilte ar 01/10/2014 | 4.4% | in aghaidh na bliana |
| Feabhsuithe Léasachta | Saolré an Léasa | in aghaidh na bliana |
| Táillí gairmiúla i ndáil le tionscadail tógála/feabhsuithe léasa | 10% | in aghaidh na bliana |
| Gléasra agus Trealamh | 10% | in aghaidh na bliana |
| Troscán, Daingneáin agus Feistis | 20% | in aghaidh na bliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | 33.33% | in aghaidh na bliana |

Dímheastar táillí gairmiúla a bhaineann le hoibreacha tógála thar thréimhse 10 mbliana. Dímheastar táillí gairmiúla a bhaineann le hoibreacha feabhais léasachta thar thréimhse 10 mbliana nó thar shaolré an léasa má tá saolré an léasa níos giorra ná 10 mbliana.

Is éard atá i gceist le luach iarmharach an tsuim measta a bheadh á fháil faoi láthair dá ndéanfaí sócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh chostais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn ag aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáideach.

Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le bearnúchán luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas.

**(e) Sócmhainní Oidhreachta**
Coinníonn agus coimeádann an Coláiste sócmhainní oidhreachta cosúil le leabhair, péinteálacha agus saothar ealaíne. Níl sócmhainní oidhreachta a fuarthas roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015 caipitlithe sna ráitis airgeadais de bhrí go meastar nach féidir aon luach réasúnach a lua leo mar gheall ar ghanntanas faisnéise faoin gcostas ceannaigh bhunaidh. Tá gach costas tabhaithe i ndáil le caomhnú á ngearradh de réir mar a thabhaítear iad.

Chomh fada is a bhaineann le breiseanna sócmhainní Oidhreachta a fuarthas i ndiaidh an 1 Deireadh Fómhair 2015, caipitlíonn an Coláiste iad sin ag costas (i gcás na bhfálacha sin atá faighte ag an gColáiste) nó ag a gcóirluach (i gcás tabhartas). Is ionann cóirluach agus an méid a fhaightear ó dhíol sócmhainne mar chuid d'idirbheart ar neamhchomaoin idir páirtithe eolasacha, toilteanacha, lúide na costais diúscartha. Ainneoin go bhfuil luachálacha á gcur i gcrích ag saineolaithe oiriúnacha, i bhfianaise shaintréithe na sócmhainní agus éagsúlacht an bhailiúcháin i margaidh idirbhirt teoranta, tá ardleibhéal breithiúnais i gceist chun cóirluachanna a shannadh don bhailiúchán.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

Déantar sócmhainní oidhreachta bronnta a chaipitliú trí thagairt a dhéanamh dá luach árachais, de bhrí go bhfuil sé sin cosúil leis an gcóirluach. Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a bhfuil luach níos lú ná €1,000 orthu a chaipitliú sna ráitis airgeadais.

**(f) Infháltais**
Aithnítear Infháltais de réir luach cóir.

**(g) Cánachas**
Mar charthanacht dhíolmhaithe, níl an Coláiste faoi dhliteanas do cháin chorparáide nó do cháin ioncaim ar aon cheann dá ghníomhaíochtaí carthanacha. Tá sé cláraithe do cháin bhreisluacha. De bhrí gur gníomhaíocht dhíolmhaithe é soláthar oideachais, áfach, nach bhfuil aon cháin aschuir á gearradh air, ní féidir leis cáin ionchuir ar fhormhór a cheannachán a aisghabháil. Tá gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála áirithe laistigh den Choláiste dlite chun CBL a íoc. Tugann an Coláiste aon cháin ionchuir nó aschuir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo ar ais do na Coimisinéirí Ioncaim.

**(h) Aithint Ioncaim**

**Deontais Stáit**
Leithdháileann an HEA Deontais Stáit do chaiteachas athfhillteach ar bhonn na bliana féilire.
Is ionann an deontas a thuairiscítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an méid a chinntear atá oiriúnach don bhliain acadúil reatha, bunaithe ar dheighilt 75%/25% dheontas na bliana féilire.

**Deontais Chaipitil Stát**
Caitear le deontais chaipitil ón HEA nó ó chomhlachtaí stáit eile a fhaightear i ndáil le fáil nó le tógáil sócmhainní seasta mar Dheontais Chaipitil Stáit iarchurtha agus amúchtar iad de réir dímheasa thar shaolré na sócmhainní.

Aithnítear deontais stáit eile ar bhonn fabhraithe de réir an leibhéil ghníomhaíochta sa bhliain.

**Ioncam ó Tháillí Acadúla**
Aithnítear Ioncam ó Tháillí Acadúla (lena n-áirítear Ioncam ó Tháillí Leanúnacha san Ealaín & sa Dearadh) sa bhliain acadúil lena mbaineann sé.

**Deontais taighde Stáit**
Déantar ioncam ó dheontais taighde agus ó chonarthaí eile ón stát a mheaitseáil le caiteachas agus cuirtear san áireamh é in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar.

**Deontais taighde neamhstáit**
Aithnítear ioncam ó dheontais ó fhoinsí neamhstáit sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a

chomhlíontar téarmaí a bhaineann le feidhmíocht. Má shonraítear srian atá in úsáid ach mura bhfuil aon choinníoll ag baint le feidhmíocht, taifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a bhíonn an Coláiste i dteideal an t-ioncam a fháil.

Coinnítear deontais lena mbaineann coinníollacha feidhmíochta neamhchomhlíonta mar ioncam iarchurtha go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha, agus ansin taifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Taifeadtar deontais lena mbaineann srianta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a bhíonn teidlíocht don ioncam ann agus coinnítear ina dhiaidh sin iad i gcúlchiste srianta go dtí go dtabhaítear an caiteachas de réir an tsriain

**Tabhartais agus Dearlaicí**
Is ionann idirbhearta neamh-mhalairte gan coinníollacha feidhmíochta agus tabhartais agus dearlaicí. Aithnítear tabhartais agus dearlaicí lena mbaineann srianta deontóra san ioncam nuair atá an Coláiste i dteideal an ioncaim. Coinnítear ioncam laistigh den chúlchiste srianta sin go dtí go n-úsáidtear é de réir na srianta go dtí go gcuirtear an t-ioncam ar fáil do chúlchistí ginearálta trí aistriú cúlchiste. Aithnítear tabhartais gan srianta in ioncam nuair atá an Coláiste i dteideal na gcistí.

**Ioncam Úis**
Cuirtear an t-ioncam ar fad ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair an chuntais ioncaim agus chaiteachais sa tréimhse ina thuilltear é.

**(i) Sochair fostaithe**

**Sochair**

**ghearrthéarmacha**
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha cosúil le pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na míreanna iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Níl aon fhabhrú do phá saoire sa bhliain don fhoireann acadúil de bhrí nach bhfuil gá lena leithéid mar gheall ar na téarmaí agus ar na coinníollacha atá sonraithe ina gconarthaí.

**Sochair scoir**
- **Scéim Pinsin le Sochar Sainithe**

Tá scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, atá á maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a chuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas ar fáil agus ó ranníocaíochtaí pinsin a asbhaintear ó thuarastail foirne.

Léirítear i gcostais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe i rith na tréimhse agus taispeántar iad mar ghlan-ranníocaíochtaí foirne atá á gcoinneáil ag an gColáiste. Aithnítear suim atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam a mhéid is féidir í a aisghabháil agus fritháirítear í in aghaidh deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Údarás um Ard-Oideachas.

Is ionann dliteanais phinsin agus luach láithreach na n-íocaíochtaí todhchaí atá tuillte ag baill foirne go dáta. Is ionann an maoiniú pinsin iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Údarás um Ard-Oideachas.

- **An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS)**

Tá Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair) á reáchtáil ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, ar scéim le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin ceaptha ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Cuirtear ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Singil ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**(j) Léasanna Oibriúcháin**
Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuiltear ag súil leis. Sa chás sin aithnítear na méaduithe nuair a thabhaítear iad. Aithnítear dreasachtaí léasa ar bith a fhaightear thar shaolré an léasa.

**(k) Airgeadra Eachtrach**
Taifeadtar idirbhearta in airgeadraí eachtracha ag an ráta malairte ar dháta an idirbhirt. Tuairiscítear sócmhainní agus dliteanais airgid in airgeadraí eachtracha ag deireadh na bliana airgeadais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta sin.

**(l) Cuntas Caipitil**
Léiríonn an cuntas caipitil luach neamhamúchta an mhaoinithe Stáit a leithdháiltear le haghaidh maoine, gléasra, trealaimh agus sócmhainní oidhreachta a ceannaíodh tar éis an 1 Deireadh Fómhair 2015.

**(m) Socruithe gníomhaireachta**
Gníomhaíonn an Coláiste mar ghníomhaire i mbailiú agus in íoc cistí tacaíochta. Cuimsítear íocaíochtaí gaolmhara a fhaightear ón ÚAO agus eisíocaíochtaí ina dhiaidh sin le mic léinn sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus taispeántar iad ar leithligh i Nóta 21.

**2 BREITHIÚNAIS CHRITICIÚLA CHUNTASAÍOCHTA AGUS PRÍOMHFHOINSÍ ÉIGINNTEACHTA I DTAOBH MEASTACHÁIN**

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a dhéanann difríocht do na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus caiteachas i rith na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin siúd. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais

***Dímheas agus Luachanna Iarmharacha***

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, agus cinneadh go bhfuil an tsaolré sócmhainne agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

***Oibleagáidí maidir le Sochar Scoir***

Déantar nuashonrú gach bliain ar na boinn tuisceana achtúireacha ar a bhfuil na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais bunaithe (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta agus rátaí boilscithe ar threochtaí) bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus aon athrú ábhartha i dtaobh téarmaí agus coinníollacha an phinsin agus ar phleananna iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na boinn tuisceana:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta;
(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí sa mhargadh saothair sa todhchaí;
(iii) boilsciú, an difríocht i dtorthaí ar bhannaí úis sheasta agus bannaí innéacsnasctha amhail ar dháta na cuntasaíochta; agus
(iv) déimeagrafach, ionchas saoil iarscoir.

Mar a mhínítear i nóta 15 leis na ráitis airgeadais, d'aithin NCAD sócmhainn phinsin iarchurtha i ndáil leis an Scéim Aoisliúntais Foirne agus le Scéim Pinsean Céilí agus Leanaí ar an mbonn go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun oibleagáidí sochair scoir a chomhlíonadh nuair a bhíonn siad dlite. Glacann an cur chuige cuntasaíochta seo leis go mbeidh aon ioncam a ghineann NCAD, ar an gcéad ásc, curtha i bhfeidhm i ndáil le costais reatha agus go mbeidh maoiniú Stáit in úsáid chun aon easnamh in acmhainní a íoc chun dliteanais sochar scoir a íoc sa todhchaí.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)**

| 3 MIONDEALÚ AR THÁILLÍ TEAGAISC 2024* | Mic léinn WTE | Stát Maoinithe €000 | Neamh-Mhaoinithe ag an Stát €000anna | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| Mic Léinn Fochéime AE | 1,313 | 6470 | 1,694 | 8,164 |
| Mic Léinn Iarchéime AE | 274 | - | 819 | 819 |
| Mic Léinn Neamh-AE | 21 | - | 302 | 302 |
| Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Táillí Eile | 419 | - | 160 | 160 |
| Líon na Mac Léinn / Ioncam ó Thaillí | 2,027 | 6,470 | 2,975 | 9,445 |

| TÁILLÍ TEAGAISC | Cóibhéisí Lánaimseartha | 2024 | Cóibhéisí Lánaimseartha | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Táillí Teagaisc Lánaimseartha | 1,260 | 6,814 | 1,225 | 5,893 |
| Ranníocaíocht Mac Léinn | 986 | 1,972 | 1,043 | 3,009 |
| Táillí Creidmheasa Páirtaimseartha | 348 | 499 | 75 | 224 |
| Táillí Neamhchreidmheasa Páirtaimseartha | 419 | 160 | 390 | 145 |
| | | **9,445** | | **9,271** |

*(ar fáil chun tacú leis an athrú atá beartaithe ar chur i láthair ráitis airgeadais 2025)

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)**

| 4 **DEONTAIS STÁIT** | **Leithdháiltí 2024 do chaiteachas Athfhillteach** | **2024 Leithdháileadh don Chaipiteal Caiteachas** | **2024 Iomlán** | **2023 Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | € 000 | € 000 | € 000 | € 000 |
| **Údarás um Ard-Oideachas** | | | | |
| Deontais Athfhillteacha | 1,2761 | 657 | 13,418 | 1,0976 |
| Dámhachtain Pá | | | | 441 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 40 | | 40 | 40 |
| Míchumas & Rochtain Feabhsaithe & Dul Chun Cinn | 491 | 5 | 496 | 306 |
| An Ghaeilge | 3 | | 3 | 6 |
| Tacaíochtaí Airgeadais Covid-19 | - | | - | (324) |
| Deontais le haghaidh scaipeadh ar aghaidh | 371 | | 371 | 220 |
| Litearthacht agus Uimhearthacht | 96 | | 96 | 55 |
| Maoiniú Straitéiseach Nuálaíochta | - | | - | 165 |
| Maoiniú Cholún 3 HCI – CFA | 539 | 19 | 558 | 1,058 |
| Sláinte & Folláine Meabhairshláinte | 79 | | 79 | 141 |
| Deontais Eile | 312 | | 312 | 372 |
| Maoiniú Caipitil | 100 | 682 | 782 | 1,003 |
| **Deontais Eile Stáit** | | | | |
| *Admhálacha ó Institiúidí Oideachais eile* | | | | |
| Deontais le haghaidh scaipeadh ar aghaidh | 176 | | 176 | 245 |
| Íocaíocht costais chomhroinnte le haghaidh CFA | 183 | | 183 | |
| Tionscadail CFA Eile | 174 | | 174 | |
| **Roinn Breisoideachais & Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta** | | | | |
| Cur i bhFeidhm Seirbhísí Comhroinnte | - | | - | 50 |
| **Cistiú Údarás Áitiúil** | | | | |
| Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath | 3 | 8 | 11 | |
| | *15,328* | *1371* | *16,699* | *1,4753* |
| Lúide ranníocaíochtaí SPSPS íoctha leis an RCPA | (344) | 0 | (344) | |
| **An Chomhairle Ealaíon & An Chomhairle Oidhreachta** | | | | |
| An Chomhairle Ealaíon & An Chomhairle Oidhreachta | 79 | | 79 | 137 |
| **Iomlán 2024** | 15,063 | 1,371 | 1,6434 | 14,890 |
| **Iomlán 2023** | 13,359 | 1,531 | 14,890 | |

| **5 DEONTAIS TAIGHDE AGUS CONARTHAÍ EILE** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | € 000 | € 000 |
| **Ioncam** | | |
| Stáit agus leathstáit | 308 | 313 |
| An tAontas Eorpach | 6 | 31 |
| Tionsclaíocht | (3) | 140 |
| Eile | 6 | 26 |
| **Ioncam iomlán** | 317 | 510 |
| | | |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Foirne | 211 | 320 |
| Costais Oibriúcháin Eile | 136 | 221 |
| Drochfhiach | 14 | - |
| **Costais iomlána** | 361 | 541 |
| | | |
| **Glantoradh** | **(44)** | **(31)** |

| **6 IONCAM EILE** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | € 000 | € 000 |
| Tabhartais & Tiomnachtaí | 15 | 1 |
| Táillí Mac Léinn | 53 | 47 |
| Ioncam Fótachóipe | 36 | 14 |
| Ioncam ilghnéitheach | 32 | 35 |
| | 136 | 97 |

**7 COSTAIS FOIRNE**

Tá meánlíon na ndaoine (lena n-áirítear sealbhóirí poist sinsearacha) fostaithe ag an gColáiste i rith na bliana, á léiriú ar bhonn coibhéise lánaimseartha cothrom le:

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **Líon na bhfostaithe** | **Líon na bhfostaithe** |
| Múinteoireacht | 86 | 81 |
| Bunúsach | 1 | 0.5 |
| Riarachán Teicniúil, Tacaíochta agus Lárnach | 103 | 100 |
| | 190 | 181 |

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | € 000 | € 000 |
| Tuarastail agus pá | 14,613 | 13,738 |
| Costais leasa shóisialaigh | 1,479 | 1394 |
| Costais leasa shóisialaigh | - | - |
| Pá NCAD iomlán | 16,092 | 15,132 |
| Pá Gníomhaireachta | 132 | 214 |
| Pá iomlán | 16,224 | 15,346 |

**7 COSTAIS FOIRNE (ar lean)**

| ***Líon na foirne a fuair luach saothair lena n-áirítear sochair chomhchineáil,*** ***sna raonta seo a leanas bhí*:** | **2024** Líon na foirne | **2023** Líon na foirne |
|---|---|---|
| €60,001 go €70,000 in aghaidh na bliana | 31 | 31 |
| €70,001 go €80,000 in aghaidh na bliana | 11 | 12 |
| €80,001 go €90,000 in aghaidh na bliana | 5 | 5 |
| €90,001 go €100,000 in aghaidh na bliana | 17 | 17 |
| €100,001 go €110,000 in aghaidh na bliana | 14 | 11 |
| €110,001 go €120,000 in aghaidh na bliana | - | 1 |
| €120,001 go €130,000 in aghaidh na bliana | 5 | 4 |
| €130,001 go €140,000 in aghaidh na bliana | - | 1 |
| €140,001 go €150,000 in aghaidh na bliana | - | - |
| €150,001 go €160,000 in aghaidh na bliana | 1 | - |
| €160,001 go €170,000 in aghaidh na bliana | - | 1 |
| €170,001 go €180,000 in aghaidh na bliana | 1 | - |
| | 85 | 83 |

Tabhair faoi deara: Maidir leis an nochtadh faisnéise seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a bhaineann le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

**Cúiteamh phríomhchomhaltaí na foirne bainistíochta**
I measc phríomhphearsanra bainistíochta an Choláiste tá an Stiúrthóir, Ceannasaí na Seirbhísí

Corparáideacha/Cláraitheoir agus Ceannasaí na nGnóthaí Acadúla. Is é seo a leanas luach saothair iomlán an phríomhphearsanra bainistíochta:

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | € 000 | € 000 |
| Tuarastail agus pá | 423 | 407 |
| Costais leasa shóisialaigh | 44 | 43 |
| | 467 | 450 |

Áirítear leis an gcúiteamh thuasluaite méideanna is iníoctha leis an Stiúrthóir (arb é an comhalta is airde pá é):

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | € 000 | € 000 |
| Tuarastail agus pá | 173 | 168 |
| Costais leasa shóisialaigh | 18 | 17 |
| | 191 | 185 |

Is comhalta é an Stiúrthóir de Scéim Pinsin Aoisliúntais NCAD agus ní shíneann a teidlíochtaí sa chomhthéacs sin thar théarmaí na scéime sin.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**

| **8 GLANSPEANSAIS OIBRIÚCHÁIN EILE** | **Nótaí** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|
| | | **€ 000** | **€ 000** |
| Leabhair, Catalóga agus Tréimhseacháin | | 148 | 183 |
| Ábhair agus tomhaltáin | | 456 | 405 |
| Seirbhísí do mhic léinn | | 339 | 307 |
| Taisteal mac léinn & deontais arna maoiniú go seachtrach | | 577 | 534 |
| Táillí Scrúdaithe agus Clárúcháin | | 120 | 131 |
| Táillí agus speansais an scrúdaitheora | | 59 | 17 |
| Taispeántais, Seimineáir agus Lónadóireacht | | 62 | 49 |
| Costais taighde | | 149 | 221 |
| Gailearaí | | 13 | 19 |
| Solas, Teas agus Cumhacht | | 369 | 296 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | | 382 | 360 |
| Costais Ghlantacháin | | 339 | 323 |
| Slándáil | | 172 | 128 |
| Cíos agus Rátaí | | 272 | 149 |
| Nascacht | | 166 | 220 |
| Ús Diúltach Bainc, Muirir agus PPI | | 14 | 19 |
| Soláthairtí Stáiseanóireachta agus Priontáil agus Fótachóipeáil | | 94 | 87 |
| Caiteachas TF | | 588 | 465 |
| Táillí Gairmiúla | | 545 | 403 |
| Ballraíochtaí agus Síntiúis | | 58 | 56 |
| Forbairt agus Oiliúint Foirne | | 53 | 63 |
| Luach Saothair Iniúchóirí | | 97 | 59 |
| Taisteal agus Cothú | | 117 | 82 |
| Fógraíocht agus Caidreamh Poiblí | | 198 | 226 |
| Árachas | | 144 | 138 |
| Costais Sábháilteachta | | 20 | 30 |
| Caiteachas Siamsaíochta | | 7 | 8 |
| Ilghnéitheach | | 130 | 49 |
| Díscríobh Drochfhiacha | | 183 | 77 |
| Aisghabháil Drochfhiacha a díscríobhadh roimhe seo* | | (58) - | |
| | | 5,813 | 5,104 |

*Athrú cur i láthair i ráitis airgeadais 23/24 chun drochfhiachas a aisghabhadh a léiriú mar mhír líne ar leithligh. Cuireadh drochfhiacha a aisghabhadh san áireamh in 2022/23 mar fhigiúr glan as drochfhiacha a dhícríobhadh. Chun críocha comparáide, in 2022/23, áirítear €41k de dhrochfhiacha aisghafa san fhigiúr drochfhiacha a dhíscríobhadh don bhliain sin.

| **Áirítear ar chostais oibriúcháin eile:** | | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|
| Luach Saothair Iniúchóirí | | **€ 000** | **€ 000** |
| Iniúchadh seachtrach - C&AG | | 50 | 48 |
| Iniúchadh seachtrach - Deloitte | | 47 | 12 |
| Cíos sócmhainní faoi léasanna oibriúcháin (costas bliana iomláine) | 18 | - | - |
| Cíos áitribh faoi léas (cuid de chostais cíosa agus rátaí thuasluaite) | 18 | 232 | 128 |

## 9 CÁNACHAS

Tá an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha díolmhaithe ó Cháin Chorparáide faoi ordú stádais charthanais.

| **10 ANAILÍS AR CHAITEACHAS** | **Costais Foirne 2024** | **Costais Oibriúcháin Eile 2024** | **Iomlán 2024** | **Iomlán 2023** |
|---|---|---|---|---|
| | € 000 | € 000 | € 000 | € 000 |
| Ranna Acadúla | 11964 | 1095 | 13059 | 12035 |
| Seirbhísí Acadúla & Seirbhísí Lárnacha Eile | 1008 | 476 | 1484 | 1351 |
| An tÁitreabh | 884 | 1604 | 2488 | 2710 |
| Riarachán Láir | 1378 | 1690 | 3069 | 2316 |
| Saoráidí agus Taitneamhachtaí do Mhic Léinn | 779 | 671 | 1,450 | 1,349 |
| Gnathchostais Oideachais | - | 128 | 128 | 148 |
| Caiteachas Taighde | 211 | 149 | 360 | 541 |
| Iomlán 2024 | 16,224 | 5,813 | 22,037 | 20,450 |
| Iomlán 2023 | 15,346 | 5,104 | | |
| Dímheas | | | 906 | 895 |
| Costais Shochar Scoir | | | 4,926 | 4,710 |
| | | | 27,869 | 26,055 |

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2024**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)**

**11 RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH**

| | Talamh & Foirgnimh | Feistiú Réad-mhaoine Léasa | Gléasra & Trealamh | Troscán | Daingneáin & Feistis | Trealamh Ríomhairí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€ 000** | **€ 000** | **€ 000** | **€ 000** | **€ 000** | **€ 000** | **€ 000** |
| **Costas** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail 1 DF 2023 | 23,337 | 768 | 989 | 367 | 582 | 2,096 | 28,139 |
| Breiseanna | 455 | - | 176 | 73 | 285 | 343 | 1332 |
| Diúscairtí | - | - | (69) | (23) | (128) | (527) | (747) |
| Coigeartú Slánúcháin | (1) | - | 1 | - | - | (1) | (1) |
| Iarmhéid 30 Meán Fómhair 2024 | 23,791 | 768 | 1,097 | 417 | 739 | 1,911 | 28,723 |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail 1 DF 2023 | 2462 | 355 | 435 | 256 | 469 | 1904 | 5881 |
| Muirear i gcomhair na bliana | 333 | 33 | 106 | 63 | 118 | 253 | 906 |
| Diúscairtí | - | - | (62) | (7) | (149) | (529) | (747) |
| Coigeartú Slánúcháin ar an | - | 8 | (1) | (2) | - | (11) | (6) |
| Díscríobh Iomlán do 2023 | 2,795 | 396 | 478 | 310 | 438 | 1,617 | 6,034 |
| Glanluach Leabhar 30 MF 2024 | 20,996 | 372 | 619 | 106 | 301 | 294 | 22,688 |
| Glanluach Leabhar 30 Meán Fómhair 2023 | 20,875 | 413 | 554 | 111 | 113 | 192 | 22,258 |

**12 SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA**

| | Ceannaithe € 000 | Deonaithe € 000 | Iomlán € 000 |
|---|---|---|---|
| 1 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016 | 9 | - | 9 |
| 1 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 30 Meán Fómhair 2017 | - | - | - |
| 1 Deireadh Fómhair 2017 go dtí an 30 Meán Fómhair 2018 | 11 | - | 11 |
| 1 Deireadh Fómhair 2018 go dtí an 30 Meán Fómhair 2019 | - | - | - |
| 1 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 30 Meán Fómhair 2020 | - | - | - |
| 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 | - | - | - |
| 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 | - | - | - |
| 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023 | - | - | - |
| 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 | 4 | - | 4 |
| | 24 | - | 24 |

Tá bailiúchán ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (ar a dtugtar Leabharlann Náisiúnta na nAmharcealaíon) de leabhair, de lámhscríbhinní agus de shaothair ealaíne a fuair sé trí thabhartais agus trí thiomnachtaí. Caitheadh le míreanna a fuarthas roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015 mar shócmhainní seasta sna ráitis airgeadais de bhrí nach féidir aon luach fiúntach a lua leo mar gheall ar easpa faisnéise faoin mbunchostas ceannaigh agus de bhrí nach bhfuil na sócmhainní seo inréadaithe go héasca.
Cuireadh tús le cleachtadh in 2017/2018 chun na sócmhainní oidhreachta ar fad a thaifeadadh i gclár sócmhainní oidhreachta.

**12 SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA (ar lean.)**

Ní dhearnadh aon sócmhainn oidhreachta a dhiúscairt i rith na bliana.

Tá gach costas tabhaithe i ndáil le caomhnú á ngearradh de réir mar a thabhaítear iad.

| **13 INFHÁLTAIS** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | € 000 | € 000 |
| Táillí acadúla infhála | 173 | 183 |
| Deontais Stát infhála | 707 | 798 |
| Suimeanna infhaighte trádála | 39 | 43 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 114 | 146 |
| Réamhíocaíochtaí | 307 | 324 |
| Infháltais eile | 16 | 174 |
| | 1,356 | 1,668 |

| **14 DLITEANAIS REATHA** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | € 000 | € 000 |
| Creidiúnaithe Trádála | 226 | 112 |
| Deontais taighde agus conarthaí eile roimh ré | 158 | 218 |
| Ioncam eile iarchurtha | 10 | 11 |
| Táillí teagaisc faighte roimh ré | 1,594 | 1,348 |
| Deontas stáit faighte roimh ré | 1,375 | 1,868 |
| Fabhruithe | 636 | 796 |
| Cánacha agus slándáil shóisialta eile | 553 | 504 |
| An Tionscnamh Caipitil Dhaonna - Colún III | 235 | 581 |
| Suimeanna iníoctha eile | 164 | 160 |
| | 4,951 | 5,598 |

## 15 SOCHAIR SCOIR

Bunaíodh Scéim Aoisliúntais Foirne agus Scéim Pinsean Céilí agus Leanaí faoi Alt 20 d'Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971, agus ceadaíodh iad i mí Eanáir 1984 agus i mí Mheán Fómhair 1987 faoi seach. Is scéimeanna neamh-mhaoinithe iad scéimeanna pinsin an Choláiste. Cuireann baill foirne leis an Scéim Aoisliúntais Foirne ag ráta 5% agus cuireann siad leis an Scéim Pinsean Céilí agus Leanaí ag 1.5%. Soláthraíonn an scéim pinsean (an t-ochtódú cuid don bhliain seirbhíse), cnapshuim (trí ochtódú don bhliain seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is í an ghnáthaois scoir 65ú breithlá an chomhalta agus tá comhaltaí roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60. De ghnáth, méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) de réir méaduithe ginearálta pá na seirbhíse poiblí.

Is í Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (An Scéim Aonair) an scéim pinsin le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí ceaptha den chéad uair ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 de réir Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Forálann an scéim le haghaidh pinsin agus cnapshuim scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin meánghairme, agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é 66 bliain an aois íosta pinsin (ag ardú de réir athruithe ar aois an phinsin Stáit). Áirítear leis saoráid luathscoir laghdaithe go hachtúireach ó 55 bliain d'aois ar aghaidh. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir an phraghasinnéacs tomhaltóirí.

Cuimsítear comhaltaí na Scéime Aonair sa dliteanas pinsin ag an 30 Meán Fómhair 2023, agus cuireadh san áireamh sna ríomhanna achtúireacha na teidlíochtaí difriúla a bhaineann leis an scéim sin. Baineann €8.1m den €88.1m d'oibleagáidí measta ag an 30 Méan Fómhair le comhaltaí na Scéime Aonair.

| (a) Anailís ar na Costais Phinsin Iomlána Muirearaithe chuig Cuntas Caiteachais | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € 000 | € 000 |
| Costas reatha seirbhíse | 2,200 | 2279 |
| Ús ar dhliteanais scéime | 3,439 | 2,774 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostaithe | (713) | (343) |
| | 4,926 | 4,710 |

| (b) Anailís ar Ghluaiseacht i nDliteanas Scéime i rith na Bliana | 2024<br>€000 | 2023<br>€ 000 |
|---|---|---|
| Dliteanas Scéime ag Tús na Bliana | 80,556 | 73,303 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 2,200 | 2,279 |
| Ús ar dhliteanais scéime | 3,439 | 2,774 |
| Sochair a Íoctar sa Bhliain | (3,378) | (2,905) |
| Caillteanas / (Gnóthachan) Achtúireach aitheanta sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Aitheanta Iomlána | 5,275 | 5,105 |
| Dliteanas Scéime ag Deireadh na Bliana | 88,092 | 80,556 |

### (c) Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha na méideanna seo mar shócmhainn atá ag comhfhreagairt leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean bunaithe ar thacar foshuíomhanna ar a ndéantar cur síos sa nóta seo agus roinnt teagmhas a tharla roimhe seo. Áirítear i measc na dteagmhas seo an bonn reachtúil do bhunú scéim pinsin, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag NCAD nach leanfaidh an beartas maoinithe seo lena leithéid sin de mhéideanna a chomhlíonadh de réir an chleachtais reatha.

Bhí an Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsin aitheanta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar seo a leanas:

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | € 000 | € 000 |
| Maoiniú in-aisghabhála i ndáil le costais na bliana reatha | 5,639 | 5,053 |
| Deontais ón ÚAO curtha i bhfeidhm chun sochair phinsin a íoc | (3,378) | (2,905) |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin sa bhliain | 2,261 | 2,148 |

Ba ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean ar an 30 Meán Fómhair 2023 agus €88,092,000 (2023: €80,556,000)

### (d) Stair na nOibleagáidí Sochair Iarchurtha

| | **2024** | **2023** | **2022** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|---|---|---|
| | € 000 | € 000 | € 000 | € 000 | € 000 |
| Oibleagáidí Sochair Iarchurtha | 88,092 | 80,556 | 73,303 | 100,123 | 91,760 |
| | | | | | |
| Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar Scéim | | | | | |
| Méid na nDliteanas | 5,275 | 5,105 | (28,517) | 7,064 | (1,328) |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | 6.0% | 6.3% | (39)% | 7.1% | (1.5)% |

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtaí FRS102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán ar an 30 Meán Fómhair 2024 déanta ag achtúireach cáilithe a chuireann ceanglais FRS102 san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime ar an 30 Meán Fómhair 2024.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

| Toimhde | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 3.45% | 4.30% |
| Toimhde méadú tuarastail | 3.05% | 3.60% |
| Méadú ar íocaíocht pinsin | 3.05% | 3.60% |
| Méadú pinsin i gcás iarchurtha | 3.05% | 3.60% |
| Boilsciú Praghais | 2.05% | 2.60% |

Meán-ionchas saoil amach anseo de réir táblaí mortlaíochta a úsáideadh chun dliteanais pinsean a chinneadh:

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| Fir in aois 65 | 21.7 | 21.6 |
| Mná in aois 65 | 24.2 | 24.1 |

## 16 ANAILÍS AR AIRGEAD TIRIM AGUS AR CHOIBHÉISÍ AIRGID THIRIM

| | 01/10/2023<br>€ 000 | Sreafaí airgid<br>€ 000 | Amhail an 30/09/2024<br>€ 000 |
|---|---|---|---|
| Airgead sa Bhanc agus ar Láimh | 4,804 | (177) | 4,627 |
| | 4,804 | (177) | 4,627 |

## 17 CEANGALTAIS CHAIPITIL

B'ionann gealltanais chaipitil an 30 Meán Fómhair 2024 agus €65,712 (2023: Nialas). Cuireadh tús le hoibreacha suirbhéireachta láithreáin i mí Aibreáin 2021 ar champas an Choláiste, (100 Sráid Thomáis) tionscadal athchóirithe sláinte agus sábháilteachta, arna mhaoiniú €2.9m ag an ÚAO. Críochnaíodh an tionscadal seo in 2023, agus íocadh an t-airgead coinneála deiridh i mí na Nollag 2024.

## 18 CEANGALTAIS LÉASA

Ar an 30 Meán Fómhair, bhí íosíocaíochtaí léasa ag an gColáiste faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe mar seo a leanas:

| | Talamh agus Foirgnimh | | Eile | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
| | € 000 | € 000 | € 000 | € 000 |
| **Íocaíochtaí léasa íosta todhchaíocha dlite:** | | | | |
| Tráth nach déanaí ná bliain amháin | 232 | 216 | - | - |
| Níos déanaí ná bliain amháin agus tráth nach déanaí ná cúig bliana | 680 | 680 | - | - |
| Níos déanaí ná cúig bliana | 2,146 | 2,215 | - | - |
| | 3,058 | 3,111 | - | - |

Tá áitreabh ar léas ag an gColáiste i Sráid Shéamais, Baile Átha Cliath 8, ó Diageo. Is léas ceithre bliana é a ndeachaigh in éag i mí an Mheithimh 2019. Cuireadh an léas seo ar aghaidh go bliantúil do na blianta 2019/20, 20/21, 21/22, 22/23 agus arís do 23/24.

Chuaigh an Coláiste i mbun comhaontú léasa nua le Tagaste do Theach Grace Clifford, Lána Naomh Eoin Thiar i mí an Mheithimh 2022 ar feadh 20 bliain a rachaidh in éag ag deireadh mhí na Bealtaine 2042.

**19 NOCHTAÍ PÁIRTITHE GAOLMHARA**

Glacann an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasa pearsanta chomhaltaí an Bhoird. Sa ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh an Coláiste Deontais a cheadú nó páirt a ghlacadh i gcomhaontuithe conarthacha le heintitis ina bhfuil comhaltaí de Bhord an Choláiste fostaithe nó a bhfuil leas acu iontu ar shlí eile. I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist, ní bhfaighidh comhaltaí Boird cáipéisíocht Boird ná ní bhíonn siad rannpháirteach sna pléití a bhaineann leis na hidirbhearta sin ná i láthair acu. Coinnítear clár maidir le gach cás den chineál sin agus tá fáil air ach é a iarraidh.

Sa bhliain airgeadais 2023/24 ní raibh aon idirbhearta le páirtithe gaolmhara ann.

**20 DLITEANAIS TEAGMHASACHA**

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha amhail an 30 Meán Fómhair 2024.

**21 SUIMEANNA A ÍOCADH MAR GHNÍOMHAIRE**

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Deontais ÚAO faighte | 547 | 465 |
| Lúide: Costais Riaracháin | (1) | (13) |
| | 546 | 452 |
| Dáilte do mhic léinn | (517) | (441) |
| Iarmhéid neamhchaite ar an 30 Meán Fómhair | 29 | 11 |

## 22 Ciorclán 13/2014 - Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí Státchiste

| Deontóir | Roinn/Oifig Maoinithe Rialtais | Nótaí | Deontas Iarchurtha/ Fabhraithe 01/10/2023 € 000 | *Ath-leithdháileadh - Eile Iarchurtha/ Fabhraithe 01/10/2023 € 000 | Airgead tirim Faighte ó ÚAO 2023/24 € 000 | Airgead tirim Faighte ó Ghníomhair-eachtaí Eile Stáit 2023/24 € 000 | Airgead tirim scaipthe go Comh-Institiúidí 2023/24 € 000 | Bogtha go Caipiteal/Idir Ranna 2023/24 € 000 | Tógtha chuig Ioncam 2023/24 € 000 | Deontas Iarchurtha/ Fabhraithe 30/09/2024 € 000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Deontais Athfhillteacha** | | | | | | | | | | |
| ÚÁO (Athfhillteach) | Roinn Oid. & Scileanna | | 1,262 | 3 | 13,209 | 263 | - | (1,078) | (13,317) | 342 |
| ÚÁO (Erasmus) | Roinn Oid. & Scileanna | | | | | | | | | |
| ÚÁO (Neamh-Chroí) | Roinn Oid & Scileanna | | 222 | - | 88 | - | - | - | (280) | 30 |
| Colún 3 - CFA | Roinn Oid & Scileanna | | (574) | 129 | 1599 | - | - | (273) | (835) | 46 |
| **Státchiste Iomlán Deontais Athfhillteacha** | | **4** | (15) | 581 | 1,966 | 183 | (1,318) | (19) | (896) | 482 |
| **Táillí Acadúla** | | | | | | | | | | |
| ÚÁO | Roinn Oid & Scileanna | | - | - | 5,488 | - | - | - | (5,488) | - |
| | | | 895 | 713 | 16,862 | 446 | (1,318) | (1,370) | (15,328) | 900 |
| Student Universal | | | - | - | - | 982 | - | - | (982) | - |
| Support Ireland | Roinn Oid. & Scileanna | **3** | - | - | 5,488 | 982 | - | - | (6,470) | - |

**22 Ciorclán 13/2014 - Bainistíocht agus Cuntasacht do Dheontais ó Chistí Státchiste (ar lean.)**

| Deontóir | Roinn/Oifig Maoinithe Rialtais | Nótaí | Deontas Iarchurtha/ Fabhraithe 01/10/2023 € 000 | *Ath-leithdháileadh - Eile Iarchurtha/ Fabhraithe 01/10/2023 € 000 | Airgead tirim Faighte ó ÚAO 2023/24 € 000 | Faighte ó Ghníomhair-eachtaí Eile Stáit 2023/24 € 000 | Airgead tirim scaipthe go Comh-Institiúidí 2023/24 € 000 | Bogtha go Caipiteal/Idir Ranna 2023/24 € 000 | Tógtha chuig Ioncam 2023/24 € 000 | Deontas Iarchurtha/ Fabhraithe 30/09/2024 € 000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Taighde agus Eile** | | | | | | | | | | |
| An Chomhairle Oidhreachta | RTCESM | **4** | 17 | - | - | 66 | - | - | (79) | 4 |
| An Chomhairle Oidhreachta | RTCESM | **5** | (4) | - | - | - | - | - | - | (4) |
| ISGNE | Coimisiún an AE | **5** | (14) | 14 | - | - | - | - | - | - |
| Museum of the Commons | Coimisiún an AE | **5** | 41 | - | - | - | - | - | (6) | 35 |
| Fiontraíocht Éireann | D.B.E.I. | **5** | (73) | - | - | 139 | - | - | (157) | (91) |
| Strokelink (SláinteCare) | An Roinn Sláinte | **5** | 22 | - | - | 4 | - | - | (7) | 19 |
| Ciste Nuálaíocht Spark FSS | An Roinn Sláinte | **5** | 35 | - | - | 34 | - | - | (66) | 3 |
| Ubuntu | Roinn Gn. Eachtracha | **5** | 14 | - | - | 9 | - | - | (12) | 11 |
| Ealaín & Gníomhaíocht Frith-Bhonneagair | RBATNE | **5** | 7 | - | - | - | - | - | (7) | - |

**22 Ciorclán 13/2014 - Bainistíocht agus Cuntasacht do Dheontais ó Chistí Státchiste (ar lean.)**

| Deontóir | Roinn/Oifig Maoinithe Rialtais | Nótaí | Deontas Iarchurtha/ (Fabhraithe) 01/10/2023 € 000 | *Ath-leithdháileadh - Eile Iarchurtha/ (Fabhraithe) 01/10/2023 € 000 | Airgead tirim Faighte ó ÚAO 2023/24 € 000 | Airgead tirim Faighte Ó Ghníomhaireachtaí Eile Stáit 2023/24 € 000 | Airgead tirim scaipthe go Comh-Institiúidí 2023/24 € 000 | Bogtha go Caipiteal/Idir Ranna 2023/24 € 000 | Tógtha chuig Ioncam 2023/24 € 000 | Deontas Iarchurtha/ Fabhraithe 30/09/2024 € 000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IRC - Scéim Chomhpháirtíochta Fiontraíochta | An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | **5** | - | - | - | - | - | - | (4) | (4) |
| Siompóisiam na Meán Beathú | RBATNE | **5** | - | - | - | 4 | - | 2 | (1) | 5 |
| Ionad Ceangail | RBATNE | **5** | - | - | - | 12 | - | - | (27) | (15) |
| **Deontais Iomlána Taighde agus Deontais Eile ón Státchiste** | | | 45 | 14 | - | 268 | - | 2 | (366) | 37 |
| Tionscadail Taighde maoinithe go hinmheánach | NCAD | | - | - | - | - | - | - | (27) | - |
| **Deontais Iomlána ón Státchiste** | | | 940 | 727 | 22,350 | 1696 | (1,318) | (1,368) | (22,191) | 863 |

**22 Ciorclán 13/2014 - Bainistíocht agus Cuntasacht do Dheontais ó Chistí Státchiste (ar lean.)**

* Ath-leithdháileadh iarmhéideanna Iarchurtha/Carntha eile, nochtadh na hiarmhéideanna seo faoi Nóta 14 i ráitis airgeadais 2023, ach níor nascadh iad le Nóta 22. Nóta 14 Deontais Taighde & Conarthaí Eile Roimh Ré €14k, Carntha €131k agus Tionscnamh Caipitil Dhaonna - Colún III - €582k

RBATNE = An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta RTCEGSM = An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

******Is é NCAD an comhpháirtí ceannais i gColún 3: An Tionscnamh Caipitil Dhaonna, Acadamh na dTodhchaíochtaí Cruthaitheacha (CFA), atá á mhaoiniú
tríd an Údarás um Ard-Oideachas. Bronnadh maoiniú de €10,018,527 i mí Dheireadh Fómhair 2020 ar fud na dtrí institiúid chomhpháirtíochta NCAD, IADT agus COBÁC. Ritheann an ghné mhaoinithe de CFA go dtí an 1 Aibreán 2025. Is iad príomhchuspóirí Acadamh na Todhchaí Cruthaithí ná:

- Freagairt do riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn agus a bheidh ann amach anseo,
- Inniúlachtaí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht gairmeacha san earnáil chruthaitheach,
- Creatlacha agus formáidí nua a fhorbairt a chuireann foghlaim sholúbtha ar fáil trí mhodúil mhicridhintiúir Bearnaí a dhúnadh idir soláthar Institiúidí Ardoideachais agus na Tionscail Chruthaitheacha agus Chultúrtha.

Tá na cuspóirí seo nasctha le tosaíochtaí an Tionscnaimh Caipitil Dhaonna agus tá siad lárnach i straitéis Future Jobs Ireland agus i gclár an Rialtais.

## 22 FAOMHADH CUNTAS

Rinne an Bord na cuntais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2024 a fhaomhadh ag a chruinniú ar an 29/05/2025.

## 23 TEAGMHAIS IAR-CHLÁR COMHARDAITHE

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha ann ó dheireadh na bliana a d’fhéadfadh impleachtaí a bheith acu do na ráitis airgeadais seo.